Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2016

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

# Scrúdú na Nascmhodúl

# 2016

# Scéim Mharcála agus Réiteach

# Scrúdú Scríofa

**Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160**

| | |
|---|---|
| **Gradam** | **128 marc** |
| **Fiúntas** | **104 marc** |
| **Pas** | **80 marc** |

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 1**

| **C.1** Cén sórt táirgí a dhéanann TechMedPro? | **2 mharc** |
|---|---|

Is cuideachta é TechMedPro a dhéanann feistí leighis. 2 m

| **C.2** Cad iad na rudaí a bhíonn le déanamh ag Ceann Foirne Sinsearach in TechMedPro? | **2 mharc** |
|---|---|

1. Oibriú le foirne chun cabhrú leo táirgí TechMedPro a fhorbairt agus a fheabhsú.
2. Cabhrú le hardfheidhmíocht/inspreagadh/dearbhú cáilíochta a spreagadh san fhoireann.
3. Maoirseacht a dhéanamh ar an líne tháirgeachta. 2 @ 1m

| **C.3** Cén fáth a gceapann Siobhán gur fostaí inniúil í féin. | **2 mharc** |
|---|---|

1. Comhlíontar na spriocanna i gcónaí nuair a bhíonn sise i mbun maoirseachta.
2. Bíonn sí dian faoi choimeád ama.

2 @ 1m

**Cuid 2**

| **C.4** Mínigh cén fáth ar dóigh le Siobhán go bhfuil stíl cheannaireachta éifeachtach aici. | **4 mharc** |
|---|---|

1. Comhlíonann sí a spriocanna táirgeachta / nó is uirthise a chuirfear an locht.
2. Tá sí ag obair le TechMedPro le trí bliana / ní dhearna siad gearán riamh nár chomhlíon sí a spriocanna.
3. Spreagann sí iad/insíonn sí dóibh cé na spriocanna atá acu/cinntíonn sí go gcomhlíonann siad iad.

2 @ 2m
(1 + 1)

| **C.5** Cén fáth a meastar gur fearr do na fostaithe an t-inspreagadh ón taobh istigh? | **4 mharc** |
|---|---|

1. Cothaítear bród as do chuid oibre.
2. Spreagtar ionad oibre níos sona.
3. Eascraíonn táirgeacht/cruthaitheacht níos fearr as/oibríonn siad níos crua/níos fearr mar gheall air.

2@2m
(0/2)

| **C.6** Mínigh roinnt de na slite a bhféadfadh Siobhán a foireann a spreagadh chun feidhmiú níos fearr. **4 mharc** |
|---|

1. Iarracht a dhéanamh iad a spreagadh.
2. A gcuid scileanna a fheabhsú.
3. Éagsúlacht ina gcuid oibre a thabhairt dóibh.
4. Jabrothlú.
5. Éisteacht le haiseolas.
6. Luachanna saothair airgeadais/neamhairgeadais.
7. Ligean dóibh cinntí a dhéanamh/an chinnteoireacht a roinnt. 4 @ 1m

**Cuid 3**

| **C.7** Tabhair breac-chuntas ar na difríochtaí idir bainisteoir agus ceannaire. | **6 mharc** |
|---|---|

| **Bainisteoir** | **Ceannaire** |
|---|---|
| 1. Smachtaíonn | Spreagann/Inspreagann |
| 2. Díríonn ar an obair idir lámha | Tuigeann an scéal ar fad |
| 3. Dian le daoine/neamhshuim/scoite | Báúil |
| 4. Insíonn don fhoireann a bhfuil le déanamh | Éascaíonn cruthaitheacht |

3 @ 2m (0/2)

| **C.8** Mínigh na fáthanna a bhfuil sé tábhachtach go gcuirfeadh TechMedPro an oiliúint chuí ar fáil dá fhoireann i dtaca leis an aiseolas san ionad oibre. **6 mharc** |
|---|

Cabhróidh oiliúint in aiseolas, idir dhearfach agus diúltach, a thabhairt agus a fháil leis an bhfoireann foghlaim faoi réimsí atá le feabhsú:

1. Feabhsaítear an chumarsáid san ionad oibre.
2. Uirlis riachtanach i spreagadh agus i gceannaireacht rathúil.
3. Tugtar breac-chuntas ar réimsí atá le feabhsú / bíonn a fhios ag fostaithe cé leis a bhfuiltear ag súil uathu.
4. Cruthaítear timpeallacht oibre níos cairdiúla.
5. Méadaítear an táirgiúlacht.
6. Déantar cinntí níos fearr.

6 @ 1m

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **30 marc** |
|---|---|---|

**C.1** Liostaigh **triúr** páirtithe leasmhara a d'fhéadfadh a bheith páirteach i gCoiste Forbartha Ghleann Óir. **6 mharc**

1. Muintir na háite, lucht cónaithe, fostaithe
2. Gnólachtaí/fostóirí/fiontraithe áitiúla
3. Tionscal
4. Gníomhaireachtaí rialtais – Oifig Fiontair Áitiúil/Bord Fiontar Contae, Leader, Solas/FÁS, Fáilte Éireann, Bord Oideachais agus Oiliúna, Cuideachta Chomhpháirtíochta Ceantair
5. Eagraíochtaí áitiúla deonacha/carthanais
6. Grúpaí pobail áitiúla
7. Eagraíochtaí spóirt
8. Seirbhísí airgeadais/Infheisteoirí
9. Scoileanna
10. Grúpaí sainleasa
11. Soláthraithe
12. Polaiteoirí áitiúla/comhairleoirí contae/Teachtaí Dála/an Chomhairle Chontae 3@ 2m (0/2)

**C.2**

(a) Déan machnamh ar dhuine de na páirtithe leasmhara atá luaite in C1.

(i) Tabhair breac-chuntas ar na slite a bhféadfadh sé/sí dul chun tairbhe don choiste.

(ii) Luaigh **dhá** shlí a rachadh sé chun tairbhe don pháirtí leasmhar sin a bheith rannpháirteach sa choiste. **6 mharc**

(i) An cineál tacaíochta a phléitear ag baint go sonrach leis an bpáirtí leasmhar a roghnaítear.

1. Scileanna/saineolas
2. Tabhartais/tiomsú airgid
3. Cúnamh le hiarratais ar dheontais
4. Oiliúint a thairiscint do dhaoine eile
5. Pearsanra/oibrithe deonacha a sholáthar
6. Méadaítear rath/brabúsacht na dtionscadal
7. Eolas ar an gceantar áitiúil
8. Teagmhálaithe maithe 2 @ 1m

(ii) **(Mura bhfuil baint idir an péire; marcáil an dá fhreagra agus dícheadaigh an marc is ísle)**

1. Feabhas gnó.
2. Aitheantas don mhéid a chuir siad leis an gcoiste/méadú ar a mbrabús/go maith dá n-íomhá phoiblí / feictear go bhfuil siad ag íoc a gcomhair leis an bpobal áitiúil/tuiscint ar a mbaintear amach agus bród as a bpobal a fheabhsú.
3. Gné na Freagrachta Sóisialta Corparáidí.
4. Níos mó eolais faoi shaincheisteanna áitiúla.
5. Deis labhartha faoi fhorbairt a mbaile féin.
6. Go maith don líonrú – d'fhéadfaidís casadh le daoine a bheadh in ann cabhrú leo lena ngnó féin.
7. D'fhéadfadh sé cabhrú leo scileanna nua a fhorbairt.
8. An ghné shóisialta.
9. Pearsanta/D'fhéadfaidís leas a bhaint as a gcuid oibre leis an gcoiste chun feabhas a chur ar an CV.

2 @ 2m
(1 + 1)

**C.2** (b) Luaigh agus mínigh **trí** shlí a dtéann obair an choiste forbartha chun tairbhe don cheantar.
**6 mharc**

1. D'fhéadfaí gnó nó fostaíocht a chruthú.
2. Feabhsaítear áiseanna/saoráidí áitiúla.
3. Feabhsaítear an timpeallacht áitiúil – Feabhsaíonn feachtas na mbailte slachtmhara cuma an cheantair do gach duine a chónaíonn ann.
4. Gné na Freagrachta Sóisialta Corparáidí.
5. Aitheantas don bhaile mar gheall ar ghradam na mBailte Slachtmhara – d'fhéadfaí níos mó cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar.
6. Spiorad an Phobail feabhsaithe.
7. Méadaítear rachmas an bhaile/leas airgid/ioncam méadaithe mar gheall ar an turasóireacht.

3 @ 2m (1+1)

**C.3** (a) Cén fáth ar gá don choiste plean a fhorbairt don tionscadal fadtéarma? **6 mharc**

1. Aithnítear na spriocanna/cuspóirí is mian leo a bhaint amach. Sainmhínítear na spriocanna/ aidhmeanna agus cuspóirí/is féidir an méid a baineadh amach i ndáiríre a chur i gcomparáid lena bhfuiltear ag súil leis.
2. Leagtar amach cuspóir is féidir a bhaint amach agus a thomhas/cruthaítear soiléireacht/struchtúr sa phlean./Cabhraíonn pleanáil le fadhbanna a thuar agus cabhraíonn sí le fadhbanna a réiteach.
3. Cabhraítear leis na hacmhainní/na foirne/an t-ábhar/an trealamh/etc. a theastaíonn a chinneadh.
4. Cabhraítear le taifead a choinneáil ar cé atá freagrach as na nithe éagsúla.
5. Aithnítear na céimeanna a theastaíonn chun na spriocanna a bhaint amach/cabhraítear le cinnteoireacht/cabhraítear leis an gcaoi a bhféadfaí aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a fheiceáil/Leagtar amach plean ama/obair a chur i gcrích faoin spriocdháta.
6. Teastóidh plean ó bhainc nó ó institiúidí/ghníomhaireachtaí airgeadais eile más gá cur isteach ar iasacht nó ar dheontas.
7. Cabhraítear le pleanáil don todhchaí – costálacha/airgeadas/ceannach caipitil – is gá a bheith réalaíoch faoin airgead a theastaíonn.

3 @ 2 mharc
(1 + 1)

(b) Sainaithin tionscadal **amháin** eile a d'fhéadfaí a fhorbairt. Cén chaoi a ndéanfá rath gearrthéarmach agus fadtéarmach an tionscadail a mheas? **6 mharc**

**An tionscadal a shainaithint (1m)**

1. Cruthaítear fostaíocht
2. Inmharthanacht airgeadais
3. Feabhas ar shaoráidí an cheantair
4. Ar mhéadaigh poiblíocht/iomrá an cheantair?
5. Ar mheall an tionscadal tionscal eile/ar chruthaigh sé seachghnó?
6. An raibh tionchar dearfach ar an gcomhshaol?
7. An bhfuil an tionscadal inbhuanaithe sa todhchaí/an bhfuil tóir air fós?
8. Cé chomh héasca atá sé le hoibriú?
9. Buann sé gradaim.
10. Aiseolas ó chustaiméirí.
11. Ar bhaineamar amach na haidhmeanna agus na cuspóirí? 5 @ 1m

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1 Is daoine fiontracha iad fiontraithe agus tá siad fíorthábhachtach i sochaí an lae inniu.**

| | |
|---|---|
| (a)(i) Ainmnigh fiontraí a bhfuil aithne agat air/uirthi. | **1 mharc** |
| (ii) Mínigh an téarma "fiontrach". | **4 mharc** |

(i) Duine ar bith a ainmnítear 1m

(ii) Rud éigin nua/dúshlánach a dhéanamh/rud a dhéanamh ar do chonlán féin/bheith sásta dul san fhiontar.

2@2m

| | |
|---|---|
| (b) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith a bhíonn ag fiontraí. | **6 mharc** |

| | | |
|---|---|---|
| Toilteanach seans a ghlacadh | Spreagtha | **Níl an liosta seo uileghabhálach** |
| Nuálach | Diongbháilte | |
| Díograiseach | Cinntitheach | |
| Dírithe ar an todhchaí | Féinmhuiníneach | |

3 @ 2m
(1 + 1)

| | |
|---|---|
| (c) Pléigh **trí** chúis a gcuirfeadh fiontraí a g(h)nó féin ar bun. | **6 mharc** |

1. Bheith i gceannas orthu féin – smacht a bheith acu ar an ngnó agus a gcinntí féin a dhéanamh.
2. Brabús/a ngnó a fheiceáil ag fás – is iad a théann san fhiontar ach is iad freisin a fhaigheann luach a saothair.
3. Is féidir le fiontraithe na daoine a dteastaíonn uathu oibriú leo a roghnú. Bíonn daoine a mbíonn an dearcadh céanna acu agus atá acu féin timpeall orthu.
4. Bainistíonn siad a n-am féin – is féidir leo an chothromaíocht idir an obair agus a saol a shocrú mar is gá. Roghnaíonn siad a n-uaireanta oibre/laethanta saoire féin, go háirithe agus an gnó i mbun fáis.
5. Féadfaidh siad a ndúshlán féin a thabhairt le deiseanna nua, a bheith cruthaitheach agus foghlaim faoi rudaí nua/uaillmhian phearsanta. Traidisiún an ghnó sa teaghlach.
6. Bród as an méid a bhain siad amach/a thóg siad. Níos mó sásaimh le baint as oibriú duit féin ná as bheith fostaithe
7. Ní féidir leo post a aimsiú mar sin bunaíonn siad a ngnó féin/iomarcaíocht/cúlú geilleagrach.
8. Feiceann siad bearna sa mhargadh agus bunaíonn siad gnó chun an bhearna a líonadh.

3 @ 2m
(1 + 1)

| | |
|---|---|
| (d) | Déan cur síos ar **cheithre** dhúshlán a bheadh le sárú ag fiontraí agus é/í ag cur a g(h)nó féin ar bun. **8 marc** |

1. An táirge nó an tseirbhís a bheith i gceart – caighdeán maith/seirbhís maith iardhíolacháin / buntaighde margaidh a dhéanamh.
2. Maoiniú a fháil ó dhaoine muinteartha/ó bhainc/ó infheisteoirí – gan dóthain airgid b'fhéidir nach mbeidís in ann an gnó a thosú – an gá le háitreabh/hinnealra/stoc/costais laethúla.
3. Margaíocht a dhéanamh ar a seirbhís/dtáirge – custaiméirí a aimsiú/feasacht a chruthú/ margadh mór go leor a bheith ann don tseirbhís nó don táirge.
4. An tráth ceart le héirí as an bpost atá acu cheana féin seans – an tionchar a bhíonn ag easpa ama/tuarastail.
5. Dul i ngleic le strus, le huaireanta fada, saol an teaghlaigh thíos leis, le daoine diúltacha agus le féinamhras.
6. A gcuid airgid a bhainistiú – bainc, tuarastal na foirne, cáin, íocaíochtaí CBL, etc./costais reatha laethúla.
7. Aghaidh a thabhairt ar an gcomórtas – cé hiad/sciar an mhargaidh/tionchar ar phraghas agus ar chaighdeán an táirge/na seirbhíse.
8. An suíomh ceart gnó a aimsiú – gaireacht dá margadh/éasca teacht ar amh-ábhar ar chostais laghdaithe taistil/ní chuirtear am amú ag taisteal.
9. Foireann cháilithe/oilte a fhostú – gá le foireann dhíograiseach thiomanta/cáilithe go cuí/ oilte/gníomhaireacht earcaíochta.
10. Ceisteanna dlí – Maidir le bunú cuideachta/pleanáil/sláinte agus sábháilteacht/úinéireacht.
11. Easpa scileanna/saineolais a theastaíonn chun gnó a bhainistiú nó a rith.
12. Dáileoirí/soláthraithe a fháil – gan rátáil creidmheasa

4 @ 2m
(1 + 1)

**C.2 Tá sé socraithe ag do rang GCAT gluaisteáin a ní don phobal áitiúil mar ghníomhaíocht fiontraíochta chun airgead a bhailiú do charthanas áitiúil. Tá na hábhair ar fad is gá don tionscadal sin ceannaithe agaibh.**

| | |
|---|---|
| (a) | Liostaigh **ceithre** mhodh a úsáidfidh sibh chun an ghníomhaíocht bhailithe airgid a fhógairt. **4 mharc** |

1. An scéal a scaipeadh ó dhuine go duine/bualadh isteach ar thithe daoine/ fógraíocht ar t-léinte.
2. Fógraí i siopaí/cláir fógraí sa phobal
3. Raidió áitiúil
4. Nuachtáin/irisí
5. Póstaeir/cláir fógraíochta
6. Na meáin shóisialta/Facebook/Twitter/blagálaithe áitiúla
7. Suíomh idirlín áitiúil
8. Gléas idirchumarsáide
9. Bileoga eolais/nótaí eolais a chur abhaile chuig na tuismitheoirí
10. Teilifís

4 @ 1m

| |
|---|
| (b) Seachas na hábhair a cheannaigh sibh, tabhair breac-chuntas ar **thrí** ghné eile den fhiontraíocht ar chóir daoibh pleanáil dóibh **6 mharc** |

1. An méid caipitil/airgid a theastaíonn chun an gnó/bosca airgid/taisceadán a thosú.
2. An fhiontraíocht a fhógairt – bealaí éifeachtacha.
3. Suíomh/áit na seirbhíse.
4. An praghas a bheidh ar an tseirbhís.
5. Cén pearsanra a bheidh páirteach ann/leithdháileadh na ndualgas/uainiú na n-amanna oibre.
6. Saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta.
7. Oiliúint don phost.
8. Saincheisteanna dlí/cead tiomsaithe airgid/árachas.
9. Am agus dáta na gníomhaíochta.
10. Cead ón bpríomhoide/ón mBord Bainistíochta.
11. Cinneadh ar an gcarthanas ar a mbronnfar an t-airgead a thiomsaítear

3 @ 2m
(1 + 1)

| |
|---|
| (c) Mínigh **trí** shlí a rachaidh sé chun tairbhe duit féin agus do na mic léinn eile páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo. **6 mharc** |

1. Scileanna obair bhuíne a fhorbairt – ag oibriú le daoine eile, tuairimí a léiriú, éisteacht le daoine eile.
2. Foghlaim le pleanáil – an tábhacht a bhaineann le pleanáil ionas go mbeidh gach rud a bhaineann leis an ngníomhaíocht ag gabháil i gceart.
3. Eolas a chur ar an gcarthanas agus ar an obair a dhéanann siad.
4. Scileanna/cáilíochtaí/eolas pearsanta – forbartha nó foghlamtha.
5. Feabhsaíonn féinmhuinín de réir mar a dhéanann siad rud éigin fiúntach/clú agus cáil orthu ar scoil.
6. Is féidir leo an ghníomhaíocht a úsáid chun mír san fhillteán oibre a chur i gcrích – plean gníomhaíochta, tuairisc achoimre nó fiontair.
7. Gné shóisialta – oibriú le daoine nár oibrigh tú leo cheana, ag cruthú caidreamh nua.
8. Foghlaim faoi ghnó/fhiontar a rith. 3 @ 2m(1+1)

| |
|---|
| (d) Pléigh **trí** mhodh a úsáidfidh sibh chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith is a éiríonn leis an ngníomhaíocht seo. **9 marc** |

1. Aidhmeanna agus cuspóirí a baineadh amach/An líon airgid a tiomsaíodh leis an ghníomhaíocht: Léiríonn brabús mór gur éirigh leis an ngníomhaíocht. Éasca le heagrú/cuspóir.
2. Ceistneoir/suirbhé: Le tabhairt do scoláirí/mhúinteoir an ranga/chustaiméirí chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse etc. Éasca le déanamh/gan ainm/saor/ráta maith freagartha/cuspóir.
3. Plé ranga: Iarraidh ar na scoláirí tuairim a chur in iúl. Éasca le déanamh/saor/éagsúlacht mhór tuairimí le fáil/aiseolas ionraic/athbhreithniú ar obair bhuíne.
4. Measúnú ar na scileanna a forbraíodh: céard a foghlaimíodh/anailís LIDB (láidreachtaí, imní, deiseanna, bagairtí)/cabhrú le gníomhaíochtaí amach anseo/úsáid scileanna amach anseo.
5. Iarraidh ar mhúinteoirí/chustaiméirí bainteacha tuairim a chur in iúl.
6. Obair bhuíne/cé na gnéithe den obair bhuíne ar éirigh go maith leo/nár éirigh go maith leo.
7. Athbhreithniú ar ghné an fhillteáin oibre – dóthain eolais chun Tuairisc Fiontair/Plean Gníomhaíochta/Tuairisc Achoimre a chur i dtoll a chéile.

**3 @ 3m**
Ní féidir pointí a thabhairt an athuair (1+1+1)

**C.3 Tá léargas fíorúsáideach ar shaol na hoibre le fáil as páirt a ghlacadh i dtaithí oibre/scáthfhoghlaim le linn GCAT.**

(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhfuil taithí oibre/scáthfhoghlaim difriúil leis an obair scoile. **4 mharc**

1. Uaireanta níos faide ag an obair ná ar scoil.
2. Bíonn an obair níos praiticiúla ná an scoil/teastaíonn tacar scileanna difriúil/bíonn obair scoile bunaithe ar theoiric go minic.
3. Níos mó éagsúlachta ó lá go lá ag an obair ná ar scoil.
4. Bíonn obair bhuíne níos feiceálaí ag an obair ná ar scoil.
5. Éilítear rudaí difriúla ort. Caithfear a bheith tiomanta/obair a chríochnú faoi réir plean ama ag an obair; bíonn rogha ar scoil a bheith tiomanta/gan obair bhaile a dhéanamh.
6. Mura mbíonn tú go hiomlán tiomanta don obair nó mura dtagann tú chuig an obair d'fhéadfaí drochthuairisc a thabhairt duit. Mura mbíonn tú go hiomlán tiomanta don scoil d'fhéadfadh sé cur isteach ar do mharcanna.
7. D'fhéadfaí thú a íoc as do chuid taithí oibre ach ní íoctar ar scoil thú.
8. Bíonn teicneolaíocht faisnéise/teicneolaíocht níos cothroime le dáta san ionad oibre go hiondúil.

2 @ 2m (1+1)

(b) Sainaithin **trí** thoradh a bhain tú féin as páirt a ghlacadh i socrúchán taithí oibre /scáthfhoghlama. **6 mharc**

1. Oiriúnacht na gairme beatha – cabhraíonn sé leat cinneadh a dhéanamh an bhfeilfeadh an ghairm bheatha duit i ndáiríre. Tugann sé deis duit an méid a bhaineann leis an bpost/ngairm bheatha a fheiceáil.
2. Feiceann tú saol na hoibre tú féin – an buntáiste a bhaineann le coimeád ama, jab a chur i gcrích, na scileanna a theastaíonn chun an post a dhéanamh, etc.
3. Forbraítear scileanna/cáilíochtaí nua pearsanta/feabhsaítear scileanna – foghlaimítear scileanna a bhaineann go sonrach leis an bpost. Is féidir a mheas an bhfuil na scileanna sin agat.
4. Spreagtar thú le hoibriú níos crua ar scoil toisc go bhfuil a fhios agat anois go bhfuil an ghairm bheatha sin uait go cinnte.
5. D'fhéadfá moltóir a fháil do do CV nó teagmhálaí.
6. Ligeann sé duit scileanna idirphearsanta a fhorbairt, agus oibriú le daoine fásta eile.
7. Cabhraíonn sé leat mír don fhillteán oibre a chur i gcrích – Dialann Taithí Oibre.
8. D'fhéadfá post páirtaimseartha/post samhraidh a fháil.
9. Foghlaimíonn eolas a d'fhéadfadh cuidiú le hábhair na hArdteistiméireachta.

3 @ 2m (1+1)

(c) Pléigh **trí** shlí a dtéann sé chun tairbhe d'fhostaithe agus d'fhostóirí gnólacht a bheith ag cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. **6 mharc**

1. Laghdú ar thimpistí san ionad oibre – cuirtear coinníollacha sábháilte oibre ar fáil/coinnítear timpeallacht shábháilte oibre/ráiteas sábháilteachta.
2. Ní bhíonn bulaíocht ann – Níos lú fostaithe as láthair agus dá bhrí sin bíonn níos lú fadhbanna le cúrsaí caidrimh thionsclaíoch ann
3. Coisctear rioscaí do dhaoine eile a thugann cuairt ar an ionad oibre e.g. cuairteoirí, custaiméirí, soláthraithe, ionadaithe – seachnaítear éilimh/bagairt caingean dlí.
4. Soláthar trealamh cosanta pearsanta/cosaintí ar innealra – Laghdú ar chostais árachais/seans níos lú go ndéanfar éilimh.

5. Faigheann fostaithe faisnéis/oiliúint/treoir cheart a úsáideann siad agus iad i mbun oibre. Fostaithe eolacha/cuirtear ráiteas sábháilteachta ar fáil/feasacht ar fhreagrachtaí/plean agus nósanna imeachta i gcás éigeandála/scríobhtar iad i dteanga gach fostaí.
6. Coisctear dochar do chlú nó do bhranda do ghnó/cáil níos fearr as freagracht chorparáideach i measc infheisteoirí, custaiméirí agus pobal/seachnaítear fíneálacha.

3 @ 2m (1 + 1)

| | |
|---|---|
| (d) Scríobh amach an measúnú a rinne tú le haghaidh do shocrúcháin don taithí oibre /scáthfhoghlaim. | **9 marc** |

Measúnú i bhfianaise:

1. Rúin faoin ngairm bheatha
2. Staidéar amach anseo
3. An mhéid dár foghlaimíodh is féidir a chur i bhfeidhm ar an obair: Sa bhaile
4. Ar scoil
5. Sa phobal

4 @ 2m (0/2)
1 @ 1m

**C.4 Tá Seacó Teo. ag iarraidh Bainisteoir Cuntas a earcú. Is fógra é seo a leanas don phost.**

| | |
|---|---|
| (a) Luaigh **ceithre** shlí a bhféadfadh Seacó Teo. an post sin a fhógairt. | **4 mharc** |

1. Nuachtáin
2. Ionad post/Ionaid oiliúna Solas
3. Gníomhaireacht earcaíochta
4. Ar líne/Idirlíon/Suíomh gréasáin
5. Raidió
6. Teilifís – Aertel
7. Irisí fostaíochta
8. Clár fógraí inmheánach/ó bhéal go béal
9. Aontaí post
10. Na meáin shóisialta e.g. Twitter/Instagram/Facebook

4 mhír @ 1m an ceann

| | |
|---|---|
| (b) Mínigh **dhá** cheann de na focail san fhógra a bhfuil líne fúthu. | **6 mharc** |

**(Scileanna) idirphearsanta a bheith aige/aici:** scileanna a úsáidimid chun cumarsáid a dhéanamh le chéile agus chun idirghníomhú le chéile.

**Litir chumhdaigh:** litir a ghabhann le CV/a mhíníonn an chúis ar cheart tú a chur faoi agallamh.

**Teistiméireachtaí:** litir/ríomhphost/glaoch gutháin ina leagtar amach chomh hoiriúnach is atá tú/do chuid scileanna/cáilíochtaí/do stair fostaíochta/ó fhostóir a bhí agat cheana/ó theagmhálaí pearsanta/ó ionad oideachais/is féidir iad a chur le CV.

**Bainisteoir Pearsanra:** an duine atá i gceannas ar an roinn a bhíonn ag plé le fostaíocht/hoiliúint/ tacaíocht etc.

2 @ 3m
(2 + 1)

| | |
|---|---|
| (c) | Fuair Seacó Teo. 400 iarratas le haghaidh an phoist sin. Mínigh an chaoi a bhféadfadh na hiarrthóirí a chinntiú go seasfadh a bhfoirm iarratais, a CV agus a litir chumhdaigh amach. **6 mharc** |

1. Cuir do CV in oiriúint don phost, dírigh ar d'inniúlacht agus ar do chumas.
2. Úsáid leagan amach nua-aimseartha gairmiúil, ná húsáid cló agus dathanna casta an iomarca. Cuir cuma shuntasach orthu. Bí difriúil – úsáid línte ábhair a tharraingeoidh aird.
3. Deimhnigh nach bhfuil aon bhotúin ann, go bhfuil sé néata agus slachtmhar, nach bhfuil botúin litrithe ann, go bhfuil an ghramadach ceart, go bhfuil sé éasca le léamh/nach bhfuil aon *Tipp-Ex* in úsáid.
4. Ná tabhair sonraí ach faoin taithí ghairmiúil is ábhartha.
5. Cinntigh go bhfuil fad do CV/do litreach cumhdaigh cuí.
6. Seol litir chumhdaigh dhea-scríofa i gcónaí.
7. Cuir d'ábhar spéise pearsanta agus gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an obair i láthair. Deimhnigh go leagtar béim ar do phríomhéachtaí. Leag béim ar a bhfuil uathúil fút/ar an méid is féidir leatsa a dhéanamh níos fearr ná duine ar bith eile.
8. Lean na treoracha ar fad ar an bhfoirm iarratais e.g. úsáid dúch dubh amháin. Úsáid ceannlitreacha.

3 @ 2m(1 +1)

| | |
|---|---|
| (d) | Pléigh an chaoi ar féidir leis na hiarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta iad féin a ullmhú roimh an agallamh, ar lá an agallaimh, agus a bheith ullamh don agallamh féin. **9 marc** |

Roimh an agallamh: **(R)**

1. Déan taighde ar an gcuideachta.
2. Ullmhaigh ceist is féidir leat a chur ag deireadh an agallaimh.
3. Déan cleachtadh in agallamh bréagach/déan cleachtadh ar do chuid freagraí/bíodh do CV ar eolas agat.
4. Faigh amach cén áit go díreach a bheidh an t-agallamh ar siúl/Córas iompair le dul ann.
5. Ullmhaigh do chuid éadaí/tú féin a chóiriú go cuí.
6. Caith súil ar do CV/ar d'fhoirm iarratais arís.

Ar lá an agallaimh: **(L)**

1. Bí suaimhneach ionat féin/ith rud éigin.
2. Cuir éadaí cuí ort féin.
3. Bí poncúil/tar luath.
4. Caith súil ar do CV arís/ullmhaigh freagraí

An t-agallamh féin: **(A)**

1. Bí ionraic.
2. Freagair na ceisteanna a chuirtear ort chomh maith agus is féidir leat/tabhair freagraí gearra simplí/labhair go soiléir agus go muiníneach.
3. Bí gnaíúil/múinte/go deas le gach duine a chastar ort.
4. Suigh go cuí/croith lámha/gothaí.
5. Mura bhfuil tú cinnte faoi cheist a cuireadh, iarr ar an agallóir í a chur arís.
6. Cuir ceist(eanna) ag deireadh an agallaimh.

**3 @ 3m (2 + 1)**
2 phointe ó gach ceann acu

**C.5 Tá do rang GCAT ag pleanáil cuairt ó dhuine as grúpa deonach áitiúil a eagrú. Iarradh ortsa cruinniú a phleanáil chun tús a chur le heagrú na gníomhaíochta seo.**

| (a) Liostaigh **trí** chéim ba chóir duit a ghlacadh chun an cruinniú sin a eagrú. | **3 mharc** |
|---|---|

1. Eagraigh ionad
2. Déan fógraíocht faoin gcruinniú/tabhair fógra faoi.
3. Faigh cead
4. Cuir clár oibre i dtoll a chéile
5. Ullmhaigh seomra/eagraigh trealamh/acmhainní más gá

3@1m

| (b) Ullmhaigh clár oibre don chéad chruinniú a bheidh ag do ghrúpa sa rang. | **8 marc** |
|---|---|

**CLÁR OIBRE**

1. Toghchán na n-oifigeach – Cathaoirleach, rúnaí, cisteoir
2. Déan plé faoin gcainteoir a dtabharfaidh sibh cuireadh dó/di
3. Cúrsaí airgeadais
4. Tarmligean na ndualgas
5. Plean oibre
6. Dáta an chéad chruinnithe eile
7. Aon ghnó eile

1m - ceannteideal

6@1m - ábhar

1m - leagan amach

| (c) Mínigh **trí** chúis a bhfuil sé an-tábhachtach pleanáil a dhéanamh roimh ré don chuairt seo. | **6 mharc** |
|---|---|

1. Ligeann sé duit aidhm/cuspóirí/spriocanna a leagan amach ionas go mbeidh na spriocanna soiléir agus indéanta.
2. Má ullmhaítear sraith céimeanna gníomhaíochta, cuidíonn sin gach rud a bhaineann leis an ngníomhaíocht a choinneáil ag gabháil i gceart/go héifeachtach. Coinnítear smacht maith.
3. Is féidir sceideal ama a ullmhú, tarlaíonn rudaí de réir mar ba cheart/cabhraíonn sé leis an eagrúchán.
4. Is féidir na hacmhainní a theastóidh don ghníomhaíocht a thuar. Faigh amach cé na hacmhainní a theastaíonn agus ullmhaigh iad roimh ré. Laghdaítear rioscaí/teip. Athraigh rudaí más gá.
5. Cabhraítear le cinnteoireacht. Is féidir dul chun cinn ullmhúchán na cuairte a sheiceáil ach comparáid a dhéanamh leis an bplean le feiceáil an gá aon athruithe a dhéanamh.
6. Leagtar amach na tascanna/dualgais a chaithfear a dhéanamh ionas go mbíonn gach duine soiléir faoin méid a chaithfidh siad féin a dhéanamh.

3 @ 2m (1+1)

| | |
|---|---|
| (d) | (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach scileanna maithe cur i láthair a bheith ag an gcainteoir?<br>(ii) Conas is féidir leis/léi a chinntiú go mbeidh an cur i láthair éifeachtach?<br>**8 Marc** |

(i) Tá scileanna maithe cur i láthair tábhachtach ionas gur féidir eolas a chur i láthair go soiléir/agus go héifeachtach/agus dá bhrí sin an teachtaireacht a chur in iúl/dul i bhfeidhm ar an lucht éisteachta.

2 @ 1m

(ii) Is féidir a chinntiú go bhfuil an cur i láthair éifeachtach ach an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A chinntiú go bhfuil sé soiléir agus dea-struchtúrtha
2. A bheith soiléir faoin teachtaireacht is mian leat a chur in iúl/ Faigh an t-eolas a theastaíonn ón ngrúpa roimh ré agus ullmhaigh an cur i láthair dá réir.
3. Cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a gcuirfidh tú an teachtaireacht i láthair, ag cuimhneamh ar an lucht éisteachta, ar an ionad, ar na háiseanna agus ar do rogha phearsanta féin.
4. Úsáid greann/scéalta ionas go mbeidh bá ag an lucht éisteachta leis an ábhar/bíodh sé gearr agus spéisiúil/úsáid teanga a thuigfidh siad
5. Taispeáin paisean/bíodh dáimh agat leis an lucht éisteachta/Déan iarracht idirghníomhú leis an lucht éisteachta
6. Ná léigh díreach ó na sleamhnáin, Ullmhaigh PowerPoint/cur i láthair ar ríomhaire chun spéis an lucht éisteachta a choinneáil/úsáid leidchártaí/spléach-chártaí/ullmhaigh bileoga le dáileadh.

3 @ 2m (1 + 1)

**C.6 Déan machnamh ar fhiontar gnó áitiúil i do cheantar.**

| | |
|---|---|
| (a) | Ainmnigh fiontar gnó i do cheantar agus tabhair breac-chuntas achomair ar an táirge /seirbhís a chuireann siad ar fáil. **4 mharc** |

Ainm: 1m

Breac-chuntas: 2m + 1m

| | |
|---|---|
| (b) | Cén fáth ar lonnaigh an fiontar sin i do cheantar, dar leat? **6 mharc** |

1. Margadh/custaiméirí ar fáil sa cheantar áitiúil.
2. A laghad comórtais atá sa cheantar.
3. Téarma an léasa agus cíos go maith.Bhí áitreabh ar fáil.
4. Acmhainní/soláthraithe gar don cheantar/ar fáil.
5. Suíomh/bonneagar maith/ceantar sábháilte/éasca do chustaiméirí dul chomh fada leis.
6. Foireann oilte ar fáil sa cheantar áitiúil/ionad oideachais/oiliúna in aice láimhe.
7. Spás le méadú/fás amach anseo.
8. Cúiseanna geilleagracha/deontas ar fáil as fiontar a bhunú ansin/dreasachtaí maithe cánach.
9. Cúiseanna comhshaoil.
10. Naisc ag úinéir an ghnó leis an gceantar áitiúil/traidisiún sa cheantar/naisc stairiúla.

3 @ 2m(1+1)

| | |
|---|---|
| (c) Mínigh **trí** shlí a bhféadfaí rath an fhiontair ghnó sin a thomhas. | **6 mharc** |

1. Brabús/láimhdeachas/díolacháin mhéadaithe/spriocanna/aidhmeanna a bhaint amach/ scairphraghas/cóimheasa feabhsaithe
2. É a chur i gcomparáid leis an gcomórtas/sciar den mhargadh
3. Gradaim a bhuachan/aitheantas ón tionscal/gradaim ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán, etc
4. Caidreamh maith leis an bhfoireann/gan stailceanna/ráta íseal iomlaoide foirne/foireann dhearfach thiomanta
5. Dílseacht na gcustaiméirí/custaiméirí a fhilleann/scéal ag scaipeadh ó dhuine go duine
6. Méid an ghnó/ag fás/ag méadú/margaí nua/táirgí nua/éagsúlú/líon na bhfostaithe ag dul i méid.
7. An fad atáthar i mbun gnó.

3 @2 (1+1)

| | |
|---|---|
| (d) Pléigh **trí** chúis a bhfuil an t-oideachas agus an oiliúint tábhachtach d'fhiontair ghnó. | **9 marc** |

1. Caighdeán earraí/seirbhíse níos fearr – níos lú botún/sábháiltear airgead don ghnó/déantar airgead don ghnó/táirgiúlacht foirne níos fearr/comhartha Q/gradaim thionsclaíochta.
2. Bíonn an fhoireann níos muiníne/níos cumasaí/níos inniúla – oibríonn siad ar a gconlán féin/ oibríonn gan mhaoiseacht / bíonn bainisteoirí in ann obair a tharmligean.
3. Scileanna a fhorbairt – seanscileanna a athnuachan/scileanna nua a fhorbairt/ uasoiliúint/coinnítear na fostaithe cothrom le dáta leis na cleachtais oibre/an teicneolaíocht nua.
4. Caighdeáin sláinte agus sábháilteachta – laghdaíonn oiliúint rioscaí féideartha do shláinte na bhfostaithe/feabhsaíonn sí na caighdeáin sábháilteachta/cruthaíonn sí timpeallacht shábháilte.
5. Spiorad níos fearr – cruthaíonn infheistíocht san oiliúint agus san oideachas ionad oibre tacúil. Airíonn fostaithe go bhfuil meas orthu/baineann siad níos mó sásaimh as a bpost/rátaí coinneála fostaithe níos fearr/seans go mbronnfar ardú céime.
6. Cúrsaí dlí – tá cineálacha áirithe oiliúna riachtanach faoin dlí – Pas Sábháilte
7. Ionad oibre inoiriúnaithe – is féidir é a chur in oiriúint d'athrú/oiliúint chun dul i ngleic le hathrú/is féidir é a chur in oiriúint mar gheall ar chomórtas/dhlíthe.

3@ 3m (2 + 1)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**